Ar an mbóthar le Douwe Kalma

Jan Minno Rozendal

Aistriúchán: Fidelma Ní Ghallchobhair

focaileile

Co-funded by the Creative Europe Programme of the European Union

oarewurden

Ar an mbóthar le Douwe Kalma

Réamhrá

Lá breá gréine eile a bhí ann. Cloím leis an bpatrún a bhí bunaithe: cuirim orm éadach éadrom agus mála droma agus síos an staighre liom de rúid le dul amach faoin aer go sciobtha. Mar ba mhinic liom sna seachtainí sin, téim go Tumbe Kafe, an cnoc taobh ó dheas de Bitola. Tugann an tsiúlóid sin mé tríd an tsráid ghnóthach siopadóireachta Shirok Sokak, trí pháirc na cathrach, thar an mbathlach de staid sacair ina n-imríonn FK Pelister a chuid cluichí gan rath.

Ag bun an chnoic, gnáthamh eile: stopaim ag an meaisín díola caife. Iarrann sé deich denar, 15 cent ar éigean, ar chupán leachta atá i leith na doinne agus thar a bheith milis. Ní féidir fáil réitithe den siúcra nó, ar aon chuma, ní heol dom cén chaoi. Is í an chéad chuid eile an chuid is déine den aistear: bíodh is nach bhfuil an cnoc chomh hard sin, tá an bealach chuig an mullach an-rite ar fad. Nuair a bhainim amach an mullach ar deireadh, suím síos ar an mbinse. Mo bhinsese.

Tá mo dhroim allasúil leis an gcathair agam. Tá sléibhte ar thaobh na láimhe clé díom agus ar thaobh na láimhe deise díom, agus síneann gleann amach os mo chomhair. Áit éigin i bhfad uaim, thart ar 10 gciliméadar i líne dhíreach trasna na tíre, atá an teorainn leis an nGréig. Ach is cuma cé chomh géar is a dhírím m'aire, ní ghéilleann an tírdhreach leideanna ar bith dom faoi cén áit go baileach atá an teorainn. 'An Mhacadóin ar fad atá ann,' deir daoine liom ar feadh an ama, ón dá thaobh den líne roinnte a cheap daoine daonna. Ach céard í an Mhacadóin go díreach, mar sin, agus cé leis í? Níl sé seo éasca, coincheap éideimhin is ea an Mhacadóin, mar atá cloiste agam ó dhaoine a bhfuil luí le filíocht acu.

Téann m'intinn siar go dtí an lá inné. Faoi iniúchadh mór idirnáisiúnta, reáchtáladh reifreann sa tír seo faoin bhféidearthacht go n-athrófaí ainm na tíre ó 'Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine' go 'Poblacht na Macadóine Thuaidh'. Ar ndóigh, is gá teacht ar chuile rud sa deireadh: teorainneacha, teanga, ainm ... stadaim de mo mhachnamh, ólaim bolgam uisce agus tógaim as mo mhála an leabhrán caol a thug mé liom ón bhFreaslainn i gcéin. *Fryslân en de Wrâld* (An Fhreaslainn agus an Domhan) is teideal dó. Is é Douwe Kalma an t-údar.

An feiniméan Kalma

Ar 3 Aibreán 1896 chuir breith a gcéad pháiste, agus a gceann deiridh, lúcháir ar an Uas. Kalma agus a bhean ó shráidbhaile Boksum sa bhFreaslainn. Thabharfaí Douwe ar an bpáiste aonair. Caillteár duine dá thuismitheoirí nuair nach bhfuil ach 11 bhliain slánaithe ag an mbuachaill: ní fheiceann a athair atá go dona tinn ach bealach amháin as an tsáinn ina bhfuil sé – lámh a chur ina bhás féin. Le cabhair ó roinnt oibrithe feirme, éiríonn leis an máthair agus an mac lá a bhaint amach, ach ní cúrsaí talmhaíochta atá i ndán do Douwe: is foghlaimeoir maith é agus téann sé ar scoil sa Ghiomnáisiam nó an scoil ghramadaí i Sneek. Ina dhiaidh sin, déanann sé staidéar ar an diagacht. Ach ní saol san eaglais a bhí i ndán dó ach an oiread agus ní fada go gcaitheann sé uaidh an staidéar.

Idir an dá linn, bhí Douwe óg i ndiaidh aird a tharraingt air féin lena pheann. I 1913 a thosaíonn sé le hailt in *Sljucht en Rjucht*, tréimhseachán Chumann Ársa na Freaslainne, Ald Selskip, a bunaíodh in 1844. Go gairid ina dhiaidh sin, scríobhann sé léirmheasanna don nuachtán Freaslannach is mó, an *Leeuwarder Courant*. Agus ní hí sin buaic a chuid uaillmhianta ach oiread: cuireann sé ailt isteach chuig nuachtán náisiúnta an *Telegraaf* agus foilsítear iad. Tugann idir lucht cáinte agus lucht tacaíochta gob géar a phinn faoi deara: ní fada go mbíonn lucht leanúna agus lucht cáinte an fheiniméin nua in achrann le chéile.

Tarlaíonn sé seo gan aon agó nuair a bhunaíonn Kalma an Jongfryske Mienskip (Cumann na bhFreaslannach Óg) ar 20 Samhain 1915, agus é féin i lár an aonaigh. Mar sin féin, ní fada go mbíonn air cuid den chumhacht a ghéilleadh do dhaoine eile: faigheann Douwe gairm slógaidh mar, fiú san Ísiltír neodrach, tá bagairt an Chogaidh Mhóir ina scáil ar bhun na spéire. Mar sin féin, níor imigh Douwe gan tásc ón aonach: tar éis an tsaoil, is é an ceannaire féincheaptha ar thodhchaí nua na Freaslainne agus leanann air mar sin. An Fhreaslainn nua ar chóir di druidim isteach ón imeall agus a cúigeachas a fhágáil ina diaidh agus ionad lárnach a éileamh, mar a fheictear do Kalma é, i gcultúr na Mara Thuaidh. Dearcadh idirnáisiúnta a tharraingt chuici féin agus ealaín ardchaighdeáin a cheapadh: leagtar amach spriocanna ardleibhéil ón tús.

Cuid den phlean a bhí ag Kalma chun cúis na Freaslainne a chur chun cinn – is é sin cúis caomhnaithe agus forbartha shuaithinseacht an náisiúin – ab ea ógánaigh na Freasainne a chruinniú timpeall air. Ní hamháin sin: theastaigh uaidh a bheith ina cheann feadhna ar an iarracht.

Thug sé seo ar a lucht cáinte leasainmneacha magúla ar nós Rí na Freaslainne a thabhairt air. Rí ar éirigh leis teacht slán ó chúpla éigeandáil, ach a briseadh roimh a am sa deireadh.

Ba ghearr go raibh atmaisféar magúil i gCumann na bhFreaslannach Óg, agus Kalma go rialta mar cheap míshásaimh. An t-athrú mór ón gclub ealaíonta a bhí dúnta i dtosach go cumann oscailte, an teanga phoileimiciúil a radadh Kalma chuig a lucht freasúra, na síorathruithe meoin ag a gceannaire ar pholaitíocht, reiligiún, bheartaíocht nó idé-eolaíocht: níor chuidigh ceann ar bith díobh seo. Ní anuas as an aer a tháinig an gearán coitianta gur athraigh Kalma a idé-eolaíocht agus a phleananna níos minice ná a chuid éadaí.

Ar dhual do Kalma go fiú ról ceannaire a ghlacadh chuige féin? Tugann a leabharliosta a mhalairt le fios, de réir dealraimh: ní hionann a bheith i do scríbhneoir maith agus a bheith i do cheannaire nó i do pholaiteoir maith. Déanann a stíl phoileimiciúil agus, minic go leor, phearsanta a chuid scríbhneoireachta spéisiúil, ach teastaíonn stuaim agus guaim níos mó i gcomhair ceannaireachta. Bíodh is go raibh Kalma carasmatach in ann lucht leanúna a mhealladh go réidh, bhí sé in ann iad a bhrú i leataobh chomh sciobtha céanna. An eachtra pholaitiúil ar thug sé fúithi sa deireadh i bhfochair a charad Fedde Schurer, an tAontas Daonlathach Críostaí, níor éirigh léi. Ba mhó agus ba mhó a chuir Kalma é féin as an áireamh i rith an ama, chaill sé an Cumann (Mienskip) go fiú i ndiaidh aighnis eile. D'fhág sé an Fhreaslainn i 1931 le dul ag múineadh in Eindhoven. Ba chosúil go raibh a théarma sa Ghluaiseacht Fhreaslannach rite.

Faoi dheireadh na 1930idí, áfach, tá rudaí difriúil arís: tháinig an t-údar aniar go héachtach nuair a chosain sé a thráchtas ar Gyspert Japickx in Groningen ar an 6 Bealtaine 1939. B'iúd é an chéad tráchtas a scríobhadh sa bhFreaslainnis agus cuireadh fáilte chroíúil roimh an Dr Kalma ar ais i saol cultúrtha na Freaslainne. Ach a luaithe a mhúscail sé spéis agus meas an phobail an athuair, chaill sé a stádas arís eile. Tharla sé seo mar thoradh ar an dara coimhlint mhór ar an ardán domhanda.

Tar éis do na Gearmánaigh ionradh a dhéanamh ar an Ísiltír i mí na Bealtaine 1940, dhírigh siad gan mhoill ar na cinn feadhna ar an nGluaiseacht Fhreaslannach. Seans go mbeidís seo níos fabhraí do chomhoibriú leis na húdaráis nua, réimeas a d'fhéadfadh a bheith níos oscailte do mhianta na Freaslainne ná iar-rialtas na hÍsiltíre?

Leis na cúinsí nua seo a bhainistiú agus le labhairt d'aon ghuth, beartaíonn siad Triúracht, mar a tugadh uirthi, a bhunú, ar a mbeadh suíochán don Chumann Ársa (Ald Selskip) liobrálach agus don Chumann Críostaí (Kristlik Selskip), chomh maith leis an tríú duine ón daonghluaiseacht, ainm cineál sofhriotalach ar shóisialachas náisiúnta. Feictear do Kalma gurb é féin an t-ionadaí idéalach ón gCumann Ársa ach rinne sé dóigh dá bharúil nuair a lig sé a rún go raibh sé i ndiaidh dul isteach le déanaí le páirtí faisisteach Freaslannach. Scanraigh an scéal seo an Cumann Ársa agus bhrúigh siad comhainmneach leis, J. J. Kalma, chun cinn mar iarrthóir agus ba chosúil gur chuir Douwe é féin as an imirt uair amháin eile.

Coinníonn Kalma air ag comhoibriú leis an ngabhálaí le linn an chogaidh, rud a tharraingíonn cáineadh géar air i ndiaidh na fuascailte i 1945: coisctear é ar ábhar a fhoilsiú go ceann i bhfad. Déanann sé neamhaird den chosc: mar is dual do Kalma, feictear dó gur caitheadh go héagórach leis sa mhéid seo, ach níor éirigh leis riamh a áit lárnach sa Ghluaiseacht Fhreaslannach a fháil ar ais. Cúlaíonn sé go dtí sráidbhaile Freaslannach, Rottefalle, áit a luíonn sé isteach ar aistriúchán ar shaothar iomlán Shakespeare a bhfuil ardmheas aige air. Agus na giotaí beaga deireanacha le haistriú ar na bacáin aige, buaileann carr é i 1953. Caillltear é agus gan ach 57 bliain slánaithe aige.

Chuir an staraí Dúitseach ab aitheanta riamh, is dócha, Johan Huizinga, síos ar Kalma (a bhí óg go fóill) mar seo: fear óg iontach tréitheach agus spreacúil a scríobhann le héascaíocht chontúirteach. Dar le Huizinga, baineann na focail ardnósacha a úsáideann Kalma ina shaothar go tipiciúil leis na cúigí: meallta ag an mistiúil mar bhealach leis an imeall a shárú. Feictear é seo i saothar cáiliúil Kalma, *Fryslân en de Wrâld* (An Fhreaslainn agus an Domhan).

An Fhreaslainn agus an Domhan

Feiniméan, dia beag go fiú, ach comhchealgaire chomh maith, dileatant, mac mioscaise ... féadfaidh tú iad go léir a úsáid le cur síos ar Douwe Kalma. Céard a ghriog é le dul na treonna éagsúla seo? I gcomhthéacs tuairimíochta faoin gceist seo, is minic a tharraingítear anuas a homaighnéasacht, tráth nach mbíodh sin inghlactha ag an ngnáthphobal agus gan ach an ceann caol a lua. Uaireanta luaitear an tuairim gur theastaigh uaidh go mbeadh grá ag an bhFreaslainn dó toisc nach raibh sé féin in ann grá a thabhairt do bhean. Tuairim atá áit éigin idir síceolaíocht na coitiantachta agus dearcadh spéisiúil.

Mar sin féin, is féidir smaoineamh amháin comhsheasmhach a tharraingt as na hathruithe treo go léir: forbairt agus cur chun cinn na Freaslainne, ar réigiún cineál iargúlta é ag tús an 20ú haois. Chuige seo, fórsa cruthaitheach ní coimeádach ba ea Kalma: níor theastaigh uaidh balla a thógáil timpeall ar an tír, ach an Fhreaslainn a shuíomh laistigh den lántír níos mó. An Fhreaslainn a dhéanamh níos idirnáisiúnta gan a carachtar féin, ar nós a teanga, a chailleadh.

Ní raibh sé le cloisteáil mar cheannaire ar ghlúin nua ach ar an 29 Eanáir 1916, nuair nach raibh sé ach 19 mbliana d'aois. Foilsíodh an óráid a thug sé an lá sin, faoin teideal *An Fhreaslainn agus an Domhan*, ina dhiaidh sin agus caomhnaíodh í dá réir sin. Ba í seo an óráid a thug mé liom go Bitola, an téacs atá á léamh agam de réir mar a éiríonn an ghrian níos airde agus níos airde os cionn Tumbe Kafe.

Scríobhadh agus tugadh an óráid i lár an chéad chogadh domhanda. Is í an ghné is suntasaí ná an fhoroinnt a dhéanann Kalma ar an Eoraip. Dá réir féin, ceithre chuid, iad gafa chomh mór sin in achrann lena chéile, atá sa chuid seo den domhan: an chuid Shlavach, an chuid Laidineach, an chuid Theotanach, agus an chuid Angla/Lochlannach. Ach is é croí na ceiste ná é seo: cé gur éirigh an Ollainn iar-Theotanach níos 'Laidinithe' le fiche nó tríocha bliain anuas, bhain an Fhreaslainn níos mó le cultúr na Mara Thuaidh i gcónaí, leis an gcuid Angla/Lochlannach, dá réir sin. Lena chois sin, is í an Fhreaslainn an ceangal caillte, an droichead idir Críoch Lochlann Ibsen agus Björnsen agus Sasana Keats agus Shelley. Feidhm seo an droichid, níor lú í ná cinniúint fhollasach na Freaslainne.

Gabhann cúpla impleacht leis an gcur chuige seo. Ar an gcéad dul síos, ciallaíonn sé seo ceangal le náisiúin eile seachas do cheann féin: an náisiún Lochlannach/ Sasanach, ar ndóigh, ach na siblíní Freaslannacha i dTuaisceart na Gearmáine chomh maith, mar shampla. Mar sin, tá náisiúnachas Freaslannach Kalma idirnáisiúnta chomh maith: ní isteach a bhreathnaigh sé ach amach. Sa dara cás, chiallaigh sé dícheangal (cultúrtha) leis an Ísiltír, an tír a raibh an Fhreaslainn ceangailte léi i modh polaitíochta agus rialtais, i measc modhanna eile, leis na céadta bliain.

Ach níor thaobhaigh Kalma riamh leis an nóisean leitheadach deiridh go bhféadfadh sé seo dealú polaitiúil ón Ísiltír a spreagadh. Fad a bhí feidhm ar leith mar thoisc chultúrtha neamhspleách ag an bhFreaslainn, bhí a himpleachtaí polaitiúla seo teoranta in intinn Kalma agus an Cumann (Mienskip).

Cé go bhféadfá a chloisteáil go raibh an ceart dealaithe ag an bhFreaslainn sa chúlra ina bhforógra intinne, seo an áit ar stop siad. Ní hamháin i gcás Kalma agus Chumann na bhFreaslannach Óg (Jongfryske Mienskip), ach i gcás daoine eile chomh maith níos faide anonn, anuas go dtí an lá inniu. Déanta na fírinne, is dóigh liom gur féidir a rá gur ceist gan tábhacht í seo den chuid is mó.

Tá mé i ndiaidh iarracht a dhéanamh é seo a mhíniú do go leor Eorpach ó tháinig mé go Bitola, nach raibh fiú na daoine ab aithnidiúla sa Ghluaiseacht Fhreaslannach riamh ag iarraidh neamhspleáchas a éileamh. Tá sé sin dian in Bitola, cathair atá timpeallaithe ag reiligí den uile chineál, inar cuireadh daoine a fuair bás anseo ar son a bpobail agus a dtíre, ar son féiniúlachta, i gcnoic na mBalcán. Cuireann tú d'fhéiniúlacht féin i bhfeidhm anseo ní hamháin trí theach na cúirte, trí chomhdhálacha, irisí nó ollscoileanna: glacann tú seilbh ar an tsráid, ar an tír. Agus más gá, déanann tú le lámh láidir é.

Cén fáth nár tharla sé seo riamh sa bhFreaslainn san fhichiú haois? D'imir an stair ról tábhachtach sa mhéid seo: níor tháinig an Ghluaiseacht Fhreaslannach ar an bhfód go dtí go raibh an stát aonadach Dúitseach ann cheana féin ar feadh na gcéadta bliain. Stát a raibh air, i gcomhar leis an bhFreaslainn, troid in aghaidh concairí ón iasacht. Ba rogha chomhfhiosach é an t-aontas polaitiúil idir an Fhreaslainn agus an chuid eile den Ísiltír, ar a dtugtar 'an Ollainn' sa ghnáthchaint, agus bhí cuspóir ar leith léi.

Dá bhrí sin, níor lean iarmhairtí polaitiúla go huathoibríoch nuair a d'éirigh 'an Ollainn' ceannasach níos déanaí agus nuair a bhí daoine sa bhFreaslainn ag iarraidh ceart níos mó a thabhairt dá dteanga agus dá gcultúr.

Bhí gné eile ann a ndearnadh plé fairsing uirthi sna siopaí caife ar feadh an Shirok Sokak; agus go bunúsach, is é tús agus deireadh an scéil ná nach réabhlóidithe iad na Dúitsigh, ná na Freaslannaigh ach oiread. Ní hamhlaidh atá anois, ná céad bliain ó shin. Fiú i ndiaidh dheireadh an chéad chogadh domhanda, nuair a bhí cúrsaí chomh hathraitheach sin san Eoraip ar fad, d'fhan an Ísiltír measartha ciúin. An ghairm a rinne an polaiteoir Freaslannach, Piter Jelles Troelstra, ar réabhlóid shóisialach, 'míthuiscint' a tugadh uirthi sna leabhair staire go gairid ina dhiaidh sin: níor mheáigh an cúram mórán ar chaoi ar bith.

Mar sin féin, ní fhágann sé seo nár roinn oibleagáidí le tuairimí Kalma in aimsir *An Fhreaslainn agus an Domhan*: fórsa gníomhach a bheadh san údar i gcónaí chun go ndéanfaí an phríomhtheanga riaracháin agus scoile den Fhreaslainnis: dar leis siúd, ba chóir gur teanga thánaisteach í an Dúitsis. Féidearthacht idirnáisiúnta eile: shíl Kalma gur chóir Béarla a mhúineadh ar scoil chomh maith.

Ach, ar go leor bealaí ní raibh na tuairimí a chuir Kalma chun cinn in *An Fhreaslainn agus an Domhan* chomh huathúil sin. Baineadh triail as slógadh na n-ógánach Freaslannach níos luaithe sa bhfichiú haois, in Aontas na hÓg-Fhreaslainne (Boun Jong Fryslân) a bhunaigh J. J. Hof, a bheadh ina dheargnamhaid ag Kalma níos faide anonn. Níor smaoineamh nua é an nóisean de chultúr na Mara Thuaidh ach oiread: bhí sé seo curtha chun cinn freisin ag Harmen Sytstra, bunaitheoir an Chumainn Ársa (Ald Selskip). Mar an gcéanna, ní coincheap uathúil, gan amhras, é siúd ina moltar muir mar ais lárnach cultúir roinnte.

An rud mór a bhain Kalma amach ná fuinneamh nua a chur sa Ghluaiseacht Fhreaslannach; ag tráth nuair a bhí glórtha grúpaí mionlaigh á gcloisteáil ar fud na hEorpa. I bhFlóndras, mar shampla, sa Bhriotáin nó sa Bhreatain Bheag: sa mhéid is go mba haois an náisiúnachais í an naoú haois déag (fhada), faoi dheireadh na tréimhse sin bhí sé in am ag teangacha beaga agus mionlaigh a n-ionad sa tsochaí a éileamh. Cás ar leith is ea na Balcáin, áit ar thug cumhacht dhomhanda uaithi agus a raibh go leor grúpaí éagsúla réidh le spás fisiciúil a leagan amach dóibh féin. Ar bhealach i bhfad níos feilmeanta ná sa bhFreaslainn.

Ilinden agus féinfheasacht na Macadóine

Cuirim Kalma ar ais i mo mhála droma go fóill beag agus téim ag spaisteoireacht síos Tumbe Kafe. Siúlaim thar dhá eitleán troda ón ré Iúgslavach agus giota níos faide ar aghaidh feicim foirgneamh mór. An seanacadamh míleata atá ann a d'úsáid na hOtamánaigh go dtí tús an 19ú haois. D'fhan Kemal Atatürk anseo ar feadh cúpla bliain chomh maith; tá taispeántas buan ina thaobh i músaem Bitola. Tá fios a mbealaigh chuig an bhfoirgneamh seo ag turasóirí ón Tuirc.

Tá 'fear breoite na hEorpa' ar an gcur síos is cáiliúla agus is trombhríche ar impireacht dhomhanda i mbun a meathlaithe. Níor choinnigh impireacht na nOtamánach cos leis an saol, bhí fiacha ollmhóra uirthi agus thit a cumhacht agus a tionchar as a chéile ar gach aon taobh sa 19ú haois.

Thosaigh grúpaí éagsúla ag cur a gcosa uathu ag teorainn thiar na himpireachta, na Balcáin. Bhí aois an náisiúnachais ar an bhfód anseo chomh maith: bhí an tSeirbia, an Bhulgáir agus an Ghréig, i measc réigiún eile, ar a ndícheall ag iarraidh féinriail (bhreise) a bhaint amach agus ní raibh de rogha ag an Sabhdán ach géilleadh. Ach céard faoi na Macadónaigh?

Le filleadh ar an réamhrá: an ann do na Macadónaigh go fiú? Cá dtosaíonn agus cá gcríochnaíonn a gcríoch, cé a chónaíonn inti agus cén stair chomhchoiteann atá acu? An raibh cúis ann nár eascair gluaiseacht Mhacadónach a bhí ag smaoineamh ar fhéiniúlacht Mhacadónach go dtí deireadh an 19ú haois? Bhí 1893 ann faoin am ar bunaíodh an Eagraíocht Réabhlóideach Mhacadónach Inmheánach (VMRO) in Salonika (Teasaloinicé sa Ghréig san am i láthair). Mar sin, eagraíocht inmheánach do gach Macadónach agus dearcadh idirnáisiúnta aici.

Maidir leis an gcuid deiridh sin, is den tábhacht a bheith ar an eolas gur thuig na Macadónaigh nach n-éireodh lena dtroid gan tacaíocht idirnáisiúnta. Sin an fáth ar fhéach an grúpa le haird a tharraingt orthu féin le gach rud a rinne siad; ar nós fhuadach an mhisinéara Mheiriceánaigh, Helen Stone, i 1901. San am sin, rinne siad roinnt ionsaithe sceimhlitheoireachta, mar a thabharfaí orthu inniu, i dTeasaloinicé, ar nós an chinn ar an long phaisinéirí Fhrancach, Guidalquivir. Mar a tharlaíonn sé, caitear mar laochra go fóill sa Mhacadóin leis na bádóirí, mar a thugtar orthu, agus tá dealbh fheiceálach díobh curtha suas in Skopje.

In earrach na bliana 1903 doirtear a lán fola. Ar 4 Bealtaine, dúnmharaíodh Gotse Delchev, duine de na réabhlóidithe ba mhó le rá. Chuir sé sin dlús le círéibeacha ar fud na tíre, agus rinne daoine iarrachtaí fíor-réabhlóid a thosú suas le sé huaire. Níor éirigh leo. Ná ní raibh rath ar éirí amach Lá Fhéile Éilias (Ilinden) ina dhiaidh sin. Ach, ainneoin a mbeifí ag súil leis, níorbh é sin an chéad sprioc. Bhí cuspóir níos mó ar intinn ag an VMRO: tine a chur faoi bhraistintí frith-Thurcacha na gcumhachtaí Eorpacha le tabhairt orthu idirghabháil a dhéanamh sa réigiún. Lena chur ar bhealach soiniciúil: bhí súil acu go mbeadh bearta díoltais na nOtamánach as na réabhlóidí chomh fuilteach sin nach bhfanfadh 'an Eoraip' i leataobh ní ba mhó gan tada a dhéanamh.

Ach ní raibh an t-ádh ag rith leis na réabhlóidithe. Sa chéad áit, mar nach raibh an Mhacadóin réidh do réabhlóid, ar bhonn míleata ná fiú ó thaobh eagair de. An dara fadhb a bhí ann ná nach raibh an aidhm chéanna ar aigne ag na réabhlóidithe go léir: theastaigh neamhspleáchas don Mhacadóin ó ghrúpa amháin trodaithe (na scarúnaithe), agus d'fhéach grúpa eile ar an Macadóin mar chuid den Bhulgáir, a raibh a teanga i bpáirt acu (na haonadachaithe). Tháinig a lán de throdaithe an VMRO ón mBulgáir chomh maith, nó ar a laghad fuair siad a gcuid oideachais ansin. Bhain an tríú fadhb le cúrsaí oirbheartaíochta: sa tréimhse cheannann chéanna seo, thart ar 1900, ní raibh fonn ar na cumhachtaí Eorpacha ladar a chur i gcúrsaí na mBalcán. Ar chúiseanna éagsúla, theastaigh uathu an Fear Breoite a choinneáil lag ach beo.

D'aithin agus d'admhaigh go leor réabhlóidithe an méid seo go léir: labhair cuid mhaith de na daoine móra ar nós Delchev, Sandanski agus Karev amach in aghaidh gníomhartha pléascánta nó tobanna. Mar sin féin, múchadh a nglórtha ag daoine eile a shíl go raibh an t-am i gceart leis an sop a shéideadh.

Ar an 2 Lúnasa 1903, ar fhéile San Éilias (Ilinden), cuireadh tús leis an réabhlóid. Thosaigh si i mbaile Krushevo, atá ard go maith sna sléibhte agus insroichte le go leor dua. Sheas na Macadónaigh an fód go ceann deich lá, deich lá de 'Phoblacht Krushevo', an chéad cheann dá leithéid a fógraíodh sna Balcáin. Tar éis na ndeich lá sin tháinig na hOtamánaigh ar an bhfód le hord a chur ar bun arís, na modhanna uafásacha a rabhthas ag súil leo in úsáid acu. Níor tharla aon idirghabháil Eorpach mar gheall ar an sléacht seo.

Réabhlóid theipthe, mar sin, ach ceann a roinnfeadh an-tábhacht léi i gcomhthéacs féiniúlacht Mhacadónach a theacht chun cinn. Ní ar na Críostaithe amháin a rinne na réabhlóidithe achainí ach ar an gcuid Ioslamach den daonra chomh maith. I bpaimfléad nár caomhnaíodh ina bhunleagan lasmuigh den bhlúire seo, léiríodh go soiléir do na Moslamaigh áitiúla, grúpa ar dócha gur mhó a mbá leis na hOtamánaigh chomhchreidmheacha ná leis na Macadónaigh, go rabhthas ag troid ar a son siúd agus a gcearta chomh maith. Ní raibh an choimhlint á spreagadh ag mothúcháin reiligiúnacha, ach ag iarracht de chuid na Macadónach go léir in aghaidh namhad choitinn. Namhaid a ghearr cánacha troma agus a bhí eagraithe ar bhonn feodach. An bhfuil sé iomarcach ceangal a fheiceáil idir é seo agus fearg na bhFreaslannach le tiarnas neamhláithreach na hOllainne?

Fillimis ar Ilinden agus ar tharla ina dhiaidh sin. Socraíodh an streachailt inmheánach idir na haonadachaithe agus na scarúnaithe i bhfabhar na scarúnaithe ag comhdháil in Rila cúpla bliain ina dhiaidh sin: bheadh Macadóin fhéinrialaitheach mar sprioc ag an VMRO. Sprioc nach mbainfí amach go dtí 1991.

Ceart féinrialach: teanga agus féiniúlacht

Agus Kalma i mo mhála droma go fóill, siúlaim trí pháirc cathrach Bitola, áit a stánann dealbha de na laochra áitiúla atá ar lár orm, laochra ó choimhlintí agus ó réanna éagsúla. Bhí taithí ag an gcomharsanacht seo ar a cion féin de chogaí: le linn an chéad chogadh domhanda bhí fronta na mBalcán láimh leis an gcathair. Agus roimhe sin, bhí go leor cogaí Balcánacha éagsúla ann; i dtosach le gach duine, i.e. Seirbiaigh, Bulgáraigh agus Gréagaigh, in aghaidh na nOtamánach, ansin ina dhiaidh sin in aghaidh a chéile. Agus an Mhacadóin i ngeall iontu go léir.

D'éiligh siad triúr teideal ar an tír, ar bhonn staire, teanga nó eitneachta. Na Gréagaigh ón deisceart, na Bulgáraigh ón oirthear, na Seirbiaigh ón tuaisceart. Rinne siad triúr iarracht an stráice seo talún agus a cuid áitritheoirí a ghnóthú dá gcúis féin trí insíothlú, siosmaí eaglaise, feachtais eolais, troid nó plásaíocht. Lorgaíonn, agus faigheann, siad triúr tacaíocht dá n-éileamh ó cheann de chumhachtaí na hEorpa. Ar deireadh, roinntear talamh na Macadóine idir an trí thír i 1913.

Agus an t-uachtarán Meiriceánach Wilson ag caint ar cheart féinrialach do phobail ar fud na cruinne i 1918, óráid a n-éisteann Freasannaigh Óga Kalma go grinn léi chomh maith, níl tír nó teanga (aitheanta) dá gcuid féin ag na Macadónaigh. Níor stop na Gréagaigh gur chuir siad cosc ar Mhacadóinis a labhairt sa bhaile ina gcuid siúd. Ní éireodh sé riamh chomh dona céanna sa bhFreaslainn faoi riail na nDúitseach.

Chruthaigh an dara cogadh domhanda diminsean nua, go háirithe i gcuid na Seirbiach. Bhraith an chuid seo den Mhacadóin imeallaithe ag na Seirbiaigh cheana féin agus mar sin, fáiltíodh roimh na faisistithe Bulgáracha ar dtús mar fhuascailteoirí: nár dhaoine muinteartha iad agus mórán an teanga chéanna acu? Ach léirigh na Bulgáraigh, ar a seal, iad féin mar dhrochrialtóirí freisin, rud a d'athmhúscail na braistintí leatroim sna daoine. Meon ar tháinig an ceannaire claonpháirteach Tito i dtír air go críonna: chuir sé a leifteanant Tempo chuig an réigiún chun an lucht frithbheartaíochta a eagrú agus, ó tharla gur cloíodh cumhachtaí na haise go cinnte tamall gearr ina dhiaidh sin, rinneadh cuid den Iúgslaiv iarchogaidh den Mhacadóin.

Arís 'cuid de' ach go raibh féinriail níos mó aici mar chuid de chónaidhm. Chuir na hIúgslavaigh (faoi cheannas na Seirbia) síolta d'fhéiniúlacht náisiúnta i gcroíthe na Macadónach go fiú. Ar bhonn féinleasa a rinneadh é seo, ar ndóigh: trí áit ar a sástacht a dheonú do na Macadónaigh, ní bheadh sé chomh héasca sin dul i gcion orthu chun an fhuascailt bhunaidh a lorg ó na Bulgáraigh san oirthear.

Gné thábhachtach shuaithinseach chultúir ab ea teanga i dtaca leis seo agus is amhlaidh atá go fóill. Dá bhrí sin, ba bheart sárchliste ar fad ag Tito é nuair a d'aithin sé (den chéad uair) an Mhacadóinis mar theanga 'dá cuid féin', seachas díreach mar 'chaint le blas Bulgárach'. Ba thráth sách siombalach é chomh maith: tharla sé ar an 2 Lúnasa 1944, ar Lá Fhéile Éilias (Ilinden). Bliain ina dhiaidh sin caighdeánaíodh aibítir na Macadóinise, cé gur chuir na Bulgáraigh agóid ina suí ina aghaidh mar b'fhacthas dóibh, agus ní gan chúis amach is amach, nach raibh sa chúram seo ar fad ach 'finscéal Iúgslavach'.

Níorbh é an 'finscéal' seo an t-aon bheart: cuireadh 'stair náisiúnta' na Macadóine, ina raibh béim ar stair Shlavach na tíre, ar an gcuraclam scoile sa Iúgslaiv. Lena chois sin, bunaíodh Eaglais Cheartchreidmheach na Macadóine.

Sna blianta seo agus ina dhiaidh sin, ní tharlaíodh coimhlintí móra míleata ní ba mhó: bhí an Bhulgáir ina ball de Chomhaontú Vársá, ghlac an Ghréig ballraíocht in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO), agus chuardaigh agus fuair an Iúgslaiv a bealach féin timpeall ar réimeas Tito. Bhí cothromaíocht nua tagtha chun cinn cé gur tharla sé go raibh an chothromaíocht nua thar a bheith leochaileach tar éis bhás Tito agus dhíscaoileadh an Aontais Shóivéidigh agus a cuid fostát.

D'fhág sé seo gur bhain na focai 'Cogadh na mBalcán' ní hamháin leis an gcianaimsir ach leis na 1990idí chomh maith. D'fhógair an Mhacadóin Iúgslavach a neamhspleáchas freisin agus spáráladh í ó ainghníomhartha den chineál a tharla, mar shampla, sa Bhoisnia agus sa Chosaiv.
D'éirigh an-seans leis an Macadóin gur aithin an Bhulgáir a dtír (bíodh gur mar 'stát' seachas mar 'náisiún' é sin) agus nár éiligh an Ghréig aon chuid den Mhacadóin dóibh féin. Maidir leis an ainm, áfach ...

An Mhacadóin Thuaidh, an Fhreaslainn, an Eoraip agus and Domhan

Siúlaim suas an staighre agus tá mé ar ais i m'árasán. Cuirim Kalma ar an mbord agus casaim air an teilifíseán: an nuacht, ar ndóigh. Tagann sé chun solais gur vótáil tromlach mór na Macadónach a chaith vóta sa reifreann 'TÁ'. Ag an am céanna, cuireadh ar an eolas mé go raibh an líon daoine a vótáil thar a bheith íseal: a lán daoine óga ar labhair mé leo le déanaí, go fiú, d'fhan siad sa bhaile. I mbeagán focal, is masla é an moladh san fhoirm reatha, agus thar aon ní eile: cén difear a dhéanann sé? Tá meon cloíte an-choitianta, níl sa pholaitíocht ach dris chosáin sa mbealach ar dhaoine, an iomarca gealltanas agus droch-chur leis cloiste acu.

Mar sin féin: má aontaíonn an dá pharlaimint, is féidir 'Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine' (FYROM) a athrú go 'Poblacht na Macadóine Thuaidh'. Réiteach slachtmhar, dar liom, ach tuigim go bhfuilim ró-fhuarchúiseach maidir leis seo. Scríobhaim blag faoin reifreann le haghaidh 'Focail Eile' agus tugaim de theideal air 'An mbaineann tábhacht ar bith le hainm?' Tagann meangadh beag ar m'éadan nuair a smaoiním gur aistrigh Kalma na focail chéanna seo go Freaslainnis.

An é seo an cor deiridh i scéal an phíosa talún seo a tharraing iomaíocht chomh géar sin ina thaobh? Ní dhealraíonn sé gurb é. Cé go bhfuil na teorainneacha sa deisceart, san oirthear agus sa tuaisceart measartha daingean, san iarthar tá an Albáin an-tarraingteach do na Cosavaigh agus na hAlbánaigh sa Mhacadóin. Tá cónaí ar go leor Moslamach, go háirithe sa chuid thuaidh thiar den tír, a bhraitheann gur saoránaigh den dara grád iad. Idir an dá linn, coinníonn an tromlach Críostaithe súil amhrasach orthu: an bhféadfaidís a bheith ina 'gcúigiú colún' sa tír seo? Is féidir an teannas a bhrath, fiú in Bitola; tháinig círéibeacha foréigneacha agus léirscrios idir an dá ghrúpa in 2001. Is cuimhin liom fós focail agus gothaí file áitiúil, níl ann ach cúpla lá ó shin: bhain sé smeach as a mhéara agus dúirt go tromchroíoch: 'Féadann sé tarlú arís díreach mar sin'.

Le haghaidh todhchaí níos fearr breathnaíonn siad i dtreo an iarthair, a d'fhan measartha ciúin le tamall fada agus áit a maireann daoine faoi rath agus faoi shaoirse.
An Eoraip ina dtugtar aitheantas oifigiúil do theangacha beaga agus mionlaigh, cé go raibh gá ann aitheantas níos doimhne don Fhreaslainnis a bhrú ar Aoine na Smachtíní (Kneppelfreed) iomráiteach míchlúiteach i 1951. Mar sin féin, bhí teorainn le náisiúnachas na Freaslainne i ndiaidh na hócáide sin: níl scaradh na Freaslainne ó chúigí eile na hÍsiltíre mar aidhm fiú ag Páirtí Náisiúnta na Freasainne.

Níor tháinig ann ar fad do cheangal le cultúir na Mara Thuaidh, taobh amuigh de chúpla comhshaothar fánach. Thug Kalma féin faoi roinnt conairí éagsúla níos déanaí ina shaol freisin: bhí a dhrochmheas ar an nGearmáin nach mór imithe faoin (thús an) dara cogadh domhanda. Léiríonn seo go soiléir cé chomh mór d'fhear faille ab ea é: bhí an-tábhacht le bolscaire a linne don dul chun cinn sa Ghluaiseacht Fhreaslannach, ach choinnigh an easpa comhsheasmhachta agus buanna eagrúcháin é ón ról tábhachtach a raibh daoine ag súil go n-imreodh sé i 1916 a imirt nuair a bhain a ghlao foláirimh *An Fhreaslainn agus an Domhan* croitheadh iomlán as saol cultúrtha na Freaslainne.

Cé aige atá a fhios, b'fhéidir go mbeidh an Fhreaslainn agus an Mhacadóin páirteach sa chomhrialtas céanna sula i bhfad: má éiríonn go maith le rudaí, beidh an Mhacadóin Thuaidh ina ball den AE i gceann cúpla bliain. Is follas na difríochtaí idir an dá réigiún, ar ndóigh: an Fhreaslainn fhorimeallach vs. an mol bealaí idirnáisiúnta arb í an Mhacadóin í.

Bhí an Fhreaslainn in ann í féin a fhorbairt go ciúin agus faoi shaoirse mheasartha le cúpla céad bliain anuas fad a bhí an Mhacadóin faoi smacht trom le fada an lá. An Fhreaslainn aonchineálach i gcodarsnacht leis an Macadóin ilchineálach. Is cuid den Ísiltír an Fhreaslainn agus is stát dá cuid féin í an Mhacadóin agus a mionlaigh féin laistigh di ...

Ar deireadh: an raibh an ceart ag Kalma, an bhfuil anam na Slavach chomh difriúil sin i ndáiríre uaidh siúd de chuid chultúir na Mara Thuaidh? Nó an coincheapa éideimhne iad seo chomh maith?